RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1111 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Meitheamh 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann leis an liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal a bhunú agus maidir le haerphaisinéirí a chur ar an eolas faoi chéannacht an iompróra oibriúcháin, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ([2]) ón gCoimisiún bunaítear an liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, chuir Ballstáit áirithe agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht') faisnéis in iúl don Choimisiún atá ábhartha maidir leis an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta. Sholáthair tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta faisnéis ábhartha freisin. Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh, ba cheart an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Chuir an Coimisiún na haeriompróirí uile lena mbaineann ar an eolas, go díreach nó trí na húdaráis atá freagrach as an maoirseacht rialála orthu, faoi na fíorais agus na breithnithe bunriachtanacha a bheadh ina mbunús le cinneadh toirmeasc a chur ar a n-oibriú laistigh den Aontas nó leis na coinníollacha a mhodhnú maidir le toirmeasc ar oibriú arna fhorchur ar aeriompróir atá curtha isteach sa liosta a leagtar amach in Iarscríbhinní A nó B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(4) Thug an Coimisiún an deis do na haeriompróirí lena mbaineann an doiciméadacht ábhartha uile a cheadú, barúlacha i scríbhinn a chur isteach agus cur i láthair ó bhéal a dhéanamh os comhair an Choimisiúin agus an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ('Coiste Aersháibháilteachta an Aontais').

(5) Chuir an Coimisiún Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na comhairliúcháin leanúnacha, faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2023/660 ón gCoimisiún ([3]), le húdaráis inniúla agus aeriompróirí na hAirméine, na Cirgeastáine, Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, agus na hIaráice. Chuir an Coimisiún Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoin staid sábháilteachta eitlíochta san Airgintín, sa Chasacstáin, sa Chéinia, i bPoblacht an Chongó, san Éigipt, i Madagascar, sa Mholdóiv, i Neipeal, sa Phacastáin, agus sa tSúdáin Theas.

([1]) IO L 344, 27.12.2005, lch. 15.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 14).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/660 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2022 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh an liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2023, lch. 47).

(6) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na measúnuithe teicniúla a rinneadh le haghaidh na meastóireachta tosaigh agus an fhaireacháin leanúnaigh ar údaruithe oibreoirí tríú tíortha ('TCO') a eisítear de bhun Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún ([4]).

(7) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoi thorthaí na hanailíse ar chigireachtaí rampa a rinneadh faoin gclár um Measúnú Sábháilteachta ar Aerárthaí Eachtracha ('SAFA'), i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([5]).

(8) Chomh maith leis sin, chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na tionscadail chúnaimh theicniúil a rinneadh sna tríú tíortha sin a ndearna toirmeasc ar oibriú faoi Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 difear dóibh. Thairis sin, sholáthair an Ghníomhaireacht faisnéis faoi na pleananna agus na hiarrataí maidir le tuilleadh cúnamh teicniúil agus comhair chun feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin agus theicniúil na n-údarás eitlíochta sibhialta i dtríú tíortha d'fhonn cuidiú leo a áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is infheidhme don eitlíocht shibhialta. Iarradh ar na Ballstáit freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin ar bhonn déthaobhach i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht. I ndáil leis sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a úsáidí atá sé faisnéis a sholáthar don earnáil eitlíochta idirnáisiúnta, go háirithe trí uirlis na Comhpháirtíochta um Chúnamh maidir le Sábháilteacht Eitlíochta a Chur Chun Feidhme, ar uirlis de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) í, faoin gcúnamh teicniúil a sholáthraíonn an tAontas agus na Ballstáit do thríú tíortha chun feabhas a chur ar shábháilteacht na heitlíochta ar fud an domhain.

(9) Thug Eurocontrol an t-eolas ba dhéanaí don Choimisiún agus do Choiste Aersháibháilteachta an Aontais maidir le stádas fheidhmeanna aláraim SAFA agus TCO, lena n-áirítear staitisticí faoi theachtaireachtaí foláirimh maidir le haeriompróirí a bhfuil toirmeasc orthu.

Aeriompróirí de chuid an Aontais

(10) Tar éis don Ghníomhaireacht anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a d'eascair as cigireachtaí rampa a rinneadh ar aerárthaí aeriompróirí de chuid an Aontais, maille le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí caighdeánaithe a rinne an Ghníomhaireacht, arna comhlánú le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí agus iniúchtaí sonracha a rinne údaráis náisiúnta eitlíochta, tá bearta áirithe ceartaitheacha agus forfheidhmithe déanta ag na Ballstáit agus ag an nGníomhaireacht, ag feidhmiú dóibh mar údaráis inniúla, agus chuir siad an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na bearta sin.

(11) D'athdhearbhaigh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht, ag feidhmiú dóibh mar údaráis inniúla, go bhfuil siad réidh le gníomhú de réir mar is gá i gcás ina léireoidh an fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán ábhartha sábháilteachta ag aeriompróirí de chuid an Aontais.

Aeriompróirí ón Airméin

(12) I mí an Mheithimh 2020, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún cuireadh na haeriompróirí atá deimhnithe san Airméin le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ([6]).

(13) Mar chuid de na gníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh shainaithin an Coimisiún gur dheimhnigh Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine (CAC) an t-aeriompróir nua *Armenian Airlines* i mí na Nollag 2022. Ós rud é nach bhfuil fianaise tugtha don Choimisiún ag CAC lena léireofaí go bhfuil cumas leordhóthanach aige na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, ní ráthaítear le heisiúint deimhnithe aeroibreora (AOC) don aeriompróir nua sin go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go leordhóthanach.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeroibríochtaí oibreoirí tríú tír de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lch. 12).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas (IO L 172, 3.6.2020, lch. 7).

(14) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún i dtaobh aeriompróirí ón Airméin gur cheart liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a leasú chun *Armenian Airlines* a chur le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(15) Ba cheart do na Ballstáit leanúint dá fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe san Airméin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó

(16) I mí an Mhárta 2006, cuireadh na haeriompróirí atá deimhnithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(17) Arna iarraidh sin do Autorité de l'Aviation Civile Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (AAC/RDC), tionóladh cruinniú teicniúil an 19 Aibreán 2023. Le linn an chruinnithe theicniúil sin, rinne AAC/RDC cur i láthair cuimsitheach maidir lena eagraíocht agus lena fheidhmeanna mar aon leis na bearta a rinneadh chun feabhas a chur ar an maoirseacht sábháilteachta i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, chuir AAC/RDC an Coimisiún ar an eolas maidir le réamhthorthaí chuairt Chlár Iniúchta Uilíoch ICAO maidir le Maoirseacht Sábháilteachta (USOAP) a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2022 agus i mí Feabhra 2023.

(18) Ba léir ón gcruinniú gur gá fós do AAC/RDC tuilleadh soiléirithe agus fianaise a sholáthar don Choimisiún maidir le gníomhaíochtaí agus bearta áirithe a rinneadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le deimhniú na n-aeriompróirí atá ag gabháil don aeriompar tráchtála agus le hathnuachan bhailíocht na AOCanna.

(19) Le linn an chruinnithe theicniúil sin, chuir AAC/RDC an Coimisiún ar an eolas gur deimhníodh na haeriompróirí *AB BUSINESS*, *AIR KASAI*, *GOMA EXPRESS*, agus *TRACEP CONGO AVIATION* ón uair dheireanach a thug sé scéala don Choimisiún an 6 agus an 13 Bealtaine 2020.

(20) Thug ICAO fógra dá Stáit chonarthacha lena Fheasachán Leictreonach 2023/18 an 1 Bealtaine 2023 gur sainaithníodh dhá Ábhar Imní Shuntasacha i leith Sábháilteachta (SSC) le linn an iniúchta a rinne sé i mí Feabhra 2023, ábhair imní a bhain le réimse na seirbhísí aerloingseoireachta i ndáil le nósanna imeachta um eitilt de réir uirlisí agus le hiniúchtaí ar eitiltí i ndáil le gléasra cúnta loingseoireachta.

(21) Ar bhonn na faisnéise a sholáthair AAC/RDC agus an fhógra ó ICAO maidir le dhá SSC, tá forchoimeádais a bhfuil bonn cirt leo ag an gCoimisiún maidir le cumas AAC/RDC a áirithiú go ndéanfar oibríochtaí na n-aeriompróirí atá deimhnithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó i gcomhréir leis na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha. I ngeall air sin, tionólfar tuilleadh cruinnithe teicniúla chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn AAC/RDC maidir lena áirithiú go gcomhlíonann a chóras maoirseachta sábháilteachta eitlíochta na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

(22) Ós rud é nach bhfuil léirithe ag AAC/RDC go bhfuil cumas leordhóthanach aige na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, ní ráthaítear le heisiúint AOC do na haeriompróirí *AB BUSINESS*, *AIR KASAI*, *GOMA EXPRESS*, agus *TRACEP CONGO AVIATION* comhlíonadh leordhóthanach na gcaighdeán sin, agus dá bhrí sin ba cheart na haeriompróirí sin a chur le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(23) An 8 Bealtaine 2023 sholáthair AAC/RDC fianaise don Choimisiún nach bhfuil AOC bailí ag an aeriompróir *MWANT JET* a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart an t-aeriompróir sin a bhaint d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(24) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún gur cheart liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a leasú le go mbainfí an t-aeriompróirí *MWANT JET* d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 agus le go gcuirfí na haeriompróirí *AB BUSINESS*, *AIR KASAI*, *GOMA EXPRESS*, agus *TRACEP CONGO AVIATION* le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(25) Ba cheart do na Ballstáit leanúint dá fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ón Iaráic

(26) I mí na Nollag 2015, le Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) 2015/2322 ón gCoimisiún. cuireadh an t-aeriompróir *Iraqi Airways* le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 474/2006 ([7]).

(27) Mar chuid dá chomhairliúcháin leanúnacha ar Liosta Aershábháilteachta an Aontais, d'eagraigh an Coimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht agus leis na Ballstáit, roinnt cruinnithe le hÚdarás Eitlíochta Sibhialta na hIaráice (ICAA) agus le *Iraqi Airways*. Díríodh sa phlé sin ar na hiarrachtaí a rinne ICAA chun déileáil le hábhair imní a shainaithin an Coimisiún agus saineolaithe na Gníomhaireachta roimhe sin, chomh maith leis an maoirseacht ar aeriompróirí atá deimhnithe san Iaráic.

(28) An 20 Aibreán 2023, mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh an Choimisiúin, tionóladh cruinniú teicniúil idir an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus ICAA. Le linn an chruinnithe sin, sholáthair ICAA faisnéis maidir le roinnt príomheilimintí a bhaineann lena ghníomhaíochtaí maoirseachta sábháilteachta, agus leag sé béim ar chinneadh rialtas na hIaráice acmhainní suntasacha a leithdháileadh chun tacú le hiarrachtaí ICAA maoirseacht sábháilteachta éifeachtach a áirithiú sa tír, go háirithe le haghaidh oiliúint na gcigirí agus saoráidí oiriúnacha.

(29) Maidir leis an maoirseacht sábháilteachta, chuir ICAA in iúl go bhfuil sé shealbhóir AOC, ceithre Eagraíocht Chothabhála Fhormheasta agus aon Eagraíocht Aerthráchta amháin lonnaithe san Iaráic a bhfuil ICAA freagrach astu.

(30) Thuairiscigh ICAA gur dréachtaíodh Dlí Eitlíochta nua agus go bhfuil comhairliúchán ar bun faoi, agus go mba shiocair é le hathruithe suntasacha ar rialacháin inmheánacha agus nósanna imeachta ICAA ach é a bheith rite. Thairis sin, tá ICAA i mbun oibre chun Creat Ar-Líne ICAO a thabhairt cothrom le dáta ar fheitheamh athbhreithniú ICAO ar an bPlean Gníomhaíochta Ceartaithí (CAP) atá beartaithe ag ICAA.

(31) Le linn an chruinnithe theicniúil sin, chuir ICAA an Coimisiún ar an eolas freisin go raibh bainistíocht á déanamh ar na Cigirí Oibríochtaí Eitilte (FOI) i bpáirt trí phíolótaí aeroibreoirí a ainmniú ar bhonn páirtaimseartha. Thairis sin, chuir siad a bpleananna i láthair chun FOInna tiomnaithe lánaimseartha a earcú. Le cinneadh a rinne Ardrúnaíocht Chomhairle na nAirí le déanaí, ceadaíodh do ICAA saineolaithe a chur ar conradh agus a earcú i réimsí na n-oibríochtaí aerárthaí, an cheadúnaithe, an mheasúnaithe leighis, na haeracmhainneachta, na seirbhísí aerloingseoireachta, agus dheimhniú na n-aeradróim.

(32) Ina theannta sin, bhí plé gairid sa chruinniú teicniúil maidir leis an gcinneadh diúltach maidir le TCO a rinneadh ar fhorais sábháilteachta i leith *Fly Baghdad* le déanaí.

(33) Aithníonn an Coimisiún na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag ICAA agus go bhfuil ICAA tiomanta a oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh maidir le sábháilteacht na heitlíochta. D'ainneoin na bhforbairtí sin, is gá fíorú breise a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil go dtí seo trí chruinnithe teicniúla breise.

(34) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe san Iaráic.

(35) Ba cheart do na Ballstáit leanúint dá fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe san Iaráic trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(36) I gcás ina léireoidh aon fhaisnéis sábháilteachta ábhartha go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha, d'fhéadfadh gá a bheith le gníomhaíocht bhreise ón gCoimisiún, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2322 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 328, 12.12.2015, lch. 67).

Aeriompróirí ón gCirgeastáin

(37) I mí Dheireadh Fómhair 2006, le Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún cuireadh na haeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ([8]).

(38) An 12 Bealtaine 2023, mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh an Choimisiúin, tionóladh cruinniú teicniúil idir an Coimisiún agus na hionadaithe ó Ghníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta an Stáit faoi choimirce Chomh-aireacht Phoblacht na Cirgise (CAA KG).

(39) Le linn an chruinnithe sin, chuir CAA KG in iúl go bhfuil sé tiomanta dul i mbun idirphlé sábháilteachta leis an gCoimisiún d'fhonn a bheith bainte, i ndeireadh na dála, d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006, agus leag sí béim ar a thoilteanas cruinnithe breise a thionól de réir mar a fheictear don Choimisiún gur gá. Thairis sin, gheall CAA KG aon fhaisnéis ábhartha sábháilteachta a roinnt leis an gCoimisiún mar chuid de na comhairliúcháin oifigiúla leis na húdaráis rialála atá freagrach as an maoirseacht sábháilteachta ar na haeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin, lena n-áirítear thorthaí chuairt USOAP atá beartaithe do mhí Mheán Fómhair 2023.

(40) Thairis sin, thug CAA KG forléargas cuimsitheach ar a struchtúr eagraíochta agus leag sé amach a phleananna chun an t-eintiteas nua a bhunú a bheidh freagrach as an bpróiseas maoirseachta sábháilteachta, ag tuairisciú go díreach do CAA KG.

(41) Luaigh CAA KG stádas chur chun feidhme an Chláir Sábháilteachta Stáit agus leag sé béim ar na leasuithe a rinneadh ar Chód Aeir na Cirgeastáine. Thairis sin, mhínigh CAA KG go raibh sé i mbun iarrachtaí gníomhacha le bheith ina institiúid fhéinmhaoinithe, rud a chuirfeadh ar a chumas dó a acmhainní a mhéadú agus cistí breise a leithdháileadh ar oiliúint a chuid cigirí.

(42) D'ainneoin na bhforbairtí dearfacha sin, níl dóthain fianaise chruthaithe ann faoi láthair gur thug CAA KG aghaidh go héifeachtach ar na heasnaimh uile ba chúis le toirmeasc ar oibriú a fhorchur le Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún.

(43) Thairis sin, an 16 Bealtaine 2023, chuir CAA KG in iúl don Choimisiún go ndearnadh AOCanna na n-aeriompróirí *Air Manas* agus *Valor Air* a chúlghairm. Dá bhrí sin, ba cheart na haeriompróirí sin a bhaint d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(44) An tráth céanna, chuir CAA KG an Coimisiún ar an eolas gur deimhníodh na haeriompróirí nua *Aero Nomad Airlines*, *CENTRAL ASIAN AVIATION SERVICES*, *Global 8 Airlines*, *Mac.KG Airlines*, *Aircompany Moalem Aviation*, *SAPSAN Airline*, *Sky Jet*, agus *TRANS CARAVAN KG*. Ós rud é nach bhfuil léirithe ag CAA KG go bhfuil cumas leordhóthanach aige na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, ní ráthaítear le heisiúint AOC do na haeriompróirí nua sin comhlíonadh leordhóthanach na gcaighdeán sin, agus dá bhrí sin ba cheart na haeriompróirí sin a chur le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(45) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún i dtaobh aeriompróirí ón gCirgeastáin gur cheart liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a leasú chun *Aero Nomad Airlines*, *CENTRAL ASIAN AVIATION SERVICES*, *Global 8 Airlines*, *Mac.KG Airlines*, *Aircompany Moalem Aviation*, *SAPSAN Airline*, *Sky Jet*, agus *TRANS CARAVAN KG* a chur le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006, agus chun *Air Manas* agus *Valor Air* a bhaint den Iarscríbhinn sin.

(46) Ba cheart do na Ballstáit leanúint dá fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(47) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a leasú dá réir sin.

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2006 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal, dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 910/2006 (IO L 283, 14.10.2006, lch. 27).

(48) Aithnítear le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 an gá le cinntí a dhéanamh go tapa, agus go práinneach i gcás inarb iomchuí, i bhfianaise na n-impleachtaí sábháilteachta. Dá bharr sin, aon chinneadh a bhaineann le liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc nó srian ar a n-oibriú laistigh den Aontas a thabhairt cothrom le dáta, tá sé fíor-riachtanach, ar mhaithe le faisnéis íogair agus na daoine a thaistealaíonn a chosaint, go bhfoilseofar an cinneadh sin agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm láithreach tar éis a ghlactha.

(49) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste Aersháblháilteachta an Aontais arna bhunú de bhun Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 mar a leanas:

(1) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn A;

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn B.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Adina VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN A

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ A BHFUIL TOIRMEASC AR A nOIBRIÚ LAISTIGH DEN AONTAS, MAILLE LE hEISCEACHTAÍ [1]

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
AVIOR AIRLINES	ROI-RNR-011	ROI	Veiniséala
BLUE WING AIRLINES	SRBWA-01/2002	BWI	Suranam
IRAN ASEMAN AIRLINES	FS-102	IRC	An Iaráin
IRAQI AIRWAYS	001	IAW	An Iaráic
AIR ZIMBABWE (PVT)	177/04	AZW	An tSiombáib
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis na hAfganastáine atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**An Afganastáin**
ARIANA AFGHAN AIRLINES	AOC 009	AFG	An Afganastáin
KAM AIR	AOC 001	KMF	An Afganastáin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis Angóla atá freagrach as an maoirseacht rialála, cé is moite de *TAAG Angola Airlines* agus *Heli Malongo*, lena n-áirítear			**Angóla**
AEROJET	AO-008/11-07/17 TEJ	TEJ	Angóla
GUICANGO	AO-009/11-06/17 YYY	Ní fios	Angóla
AIR JET	AO-006/11-08/18 MBC	MBC	Angóla
BESTFLYA AIRCRAFT MANAGEMENT	AO-015/15-06/17YYY	Ní fios	Angóla
HELIANG	AO 007/11-08/18 YYY	Ní fios	Angóla
SJL	AO-014/13-08/18YYY	Ní fios	Angóla
SONAIR	AO-002/11-08/17 SOR	SOR	Angóla

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear in Iarscríbhinn A cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí léasa fhliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis na hAirméine atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**An Airméin**
AIRCOMPANY ARMENIA	AM AOC 065	NGT	An Airméin
ARMENIAN AIRLINES	AM AOC 076	AAG	An Airméin
ARMENIA AIRWAYS	AM AOC 063	AMW	An Airméin
ARMENIAN HELICOPTERS	AM AOC 067	KAV	An Airméin
FLY ARNA	AM AOC 075	ACY	An Airméin
FLYONE ARMENIA	AM AOC 074	FIE	An Airméin
NOVAIR	AM AOC 071	NAI	An Airméin
SHIRAK AVIA	AM AOC 072	SHS	An Airméin
SKYBALL	AM AOC 073	Neamhbhainteach	An Airméin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis Phoblacht an Chongó atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**Poblacht an Chongó**
CANADIAN AIRWAYS CONGO	CG-CTA 006	TWC	Poblacht an Chongó
EQUAFLIGHT SERVICES	CG-CTA 002	EKA	Poblacht an Chongó
EQUAJET	RAC06-007	EKJ	Poblacht an Chongó
TRANS AIR CONGO	CG-CTA 001	TSG	Poblacht an Chongó
SOCIETE NOUVELLE AIR CONGO	CG-CTA 004	Ní fios	Poblacht an Chongó
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)**
AB BUSINESS	AAC/DG/OPS-09/14	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR FAST CONGO	AAC/DG/OPS-09/03	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR KASAI	AAC/DG/OPS-09/11	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
AIR KATANGA	AAC/DG/OPS-09/08	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
BUSY BEE CONGO	AAC/DG/OPS-09/04	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
COMPAGNIE AFRICAINE D'AVIATION (CAA)	AAC/DG/OPS-09/02	DBP	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
CONGO AIRWAYS	AAC/DG/OPS-09/01	COG	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
GOMA EXPRESS	AAC/DG/OPS-09/13	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
KIN AVIA	AAC/DG/OPS-09/10	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
MALU AVIATION	AAC/DG/OPS-09/05	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SERVE AIR CARGO	AAC/DG/OPS-09/07	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SWALA AVIATION	AAC/DG/OPS-09/06	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
TRACEP CONGO AVIATION	AAC/DG/OPS-09/15	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis Djibouti atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**Djibouti**
DAALLO AIRLINES	Ní fios	DAO	Djibouti
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis na Guine Meánchiorclaí atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**An Ghuine Mheánchiorclach**
CEIBA INTERCONTINENTAL	2011/0001/MTTCT/DGAC/SOPS	CEL	An Ghuine Mheánchiorclach
CRONOS AIRLINES	2011/0004/MTTCT/DGAC/SOPS	Ní fios	An Ghuine Mheánchiorclach
Gach aeriompróir atá deimhnithe údaráis na hEiritré atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**An Eiritré**

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
ERITREAN AIRLINES	AOC Uimh. 004	ERT	An Eiritré
NASAIR ERITREA	AOC Uimh. 005	NAS	An Eiritré
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis na Cirgeastáine atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**An Chirgeastáin**
AERO NOMAD AIRLINES	57	ANK	An Chirgeastáin
AEROSTAN	08	BSC	An Chirgeastáin
AIR COMPANY AIR KG	50	KGC	An Chirgeastáin
AIRCOMPANY MOALEM AVIATION	56	AMA	An Chirgeastáin
AVIA TRAFFIC COMPANY	23	AVJ	An Chirgeastáin
CENTRAL ASIAN AVIATION SERVICES	58	KAS	An Chirgeastáin
FLYSKY AIRLINES	53	FSQ	An Chirgeastáin
GLOBAL 8 AIRLINES	59	Ní fios	An Chirgeastáin
HELI SKY	47	HAC	An Chirgeastáin
KAP.KG AIRCOMPANY	52	KGS	An Chirgeastáin
MAC.KG AIRLINES	61	MSK	An Chirgeastáin
SAPSAN AIRLINE	54	KGB	An Chirgeastáin
SKY JET	60	SJL	An Chirgeastáin
SKY KG AIRLINES	41	KGK	An Chirgeastáin
TRANS CARAVAN KG	55	TCK	An Chirgeastáin
TEZ JET	46	TEZ	An Chirgeastáin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis na Libéire atá freagrach as an maoirseacht rialála.			**An Libéir**
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis na Libia atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**An Libia**
AFRIQIYAH AIRWAYS	007/01	AAW	An Libia
AIR LIBYA	004/01	TLR	An Libia
AL MAHA AVIATION	030/18	Ní fios	An Libia
BERNIQ AIRWAYS	032/21	BNL	An Libia
BURAQ AIR	002/01	BRQ	An Libia
GLOBAL AIR TRANSPORT	008/05	GAK	An Libia
HALA AIRLINES	033/21	HTP	An Libia

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
LIBYAN AIRLINES	001/01	LAA	An Libia
LIBYAN WINGS AIRLINES	029/15	LWA	An Libia
PETRO AIR	025/08	PEO	An Libia
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis Neipeal atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**Neipeal**
AIR DYNASTY HELI. S.	035/2001	Ní fios	Neipeal
ALTITUDE AIR	085/2016	Ní fios	Neipeal
BUDDHA AIR	014/1996	BHA	Neipeal
FISHTAIL AIR	017/2001	Ní fios	Neipeal
SUMMIT AIR	064/2010	Ní fios	Neipeal
HELI EVEREST	086/2016	Ní fios	Neipeal
HIMALAYA AIRLINES	084/2015	HIM	Neipeal
KAILASH HELICOPTER SERVICES	087/2018	Ní fios	Neipeal
MAKALU AIR	057A/2009	Ní fios	Neipeal
MANANG AIR PVT	082/2014	Ní fios	Neipeal
MOUNTAIN HELICOPTERS	055/2009	Ní fios	Neipeal
PRABHU HELICOPTERS	081/2013	Ní fios	Neipeal
NEPAL AIRLINES CORPORATION	003/2000	RNA	Neipeal
SAURYA AIRLINES	083/2014	Ní fios	Neipeal
SHREE AIRLINES	030/2002	SHA	Neipeal
SIMRIK AIR	034/2000	Ní fios	Neipeal
SIMRIK AIRLINES	052/2009	RMK	Neipeal
SITA AIR	033/2000	Ní fios	Neipeal
TARA AIR	053/2009	Ní fios	Neipeal
YETI AIRLINES	037/2004	NYT	Neipeal
Na haeriompróirí seo a leanas atá deimhnithe ag údaráis na Rúise atá freagrach as an maoirseacht rialála			**An Rúis**
AURORA AIRLINES	486	SHU	An Rúis
AVIACOMPANY "AVIASTAR-TU" CO. LTD	458	TUP	An Rúis
IZHAVIA	479	IZA	An Rúis
JOINT STOCK COMPANY "AIR COMPANY "YAKUTIA"	464	SYL	An Rúis

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
JOINT STOCK COMPANY "RUSJET"	498	RSJ	An Rúis
JOINT STOCK COMPANY "UVT AERO"	567	UVT	An Rúis
JOINT STOCK COMPANY SIBERIA AIRLINES	31	SBI	An Rúis
JOINT STOCK COMPANY SMARTAVIA AIRLINES	466	AUL	An Rúis
JOINT-STOCK COMPANY "IRAERO" AIRLINES	480	IAE	An Rúis
JOINT-STOCK COMPANY "URAL AIRLINES"	18	SVR	An Rúis
JOINT–STOCK COMPANY ALROSA AIR COMPANY	230	DRU	An Rúis
JOINT-STOCK COMPANY NORDSTAR AIRLINES	452	TYA	An Rúis
JS AVIATION COMPANY "RUSLINE"	225	RLU	An Rúis
JSC YAMAL AIRLINES	142	LLM	An Rúis
LLC "NORD WIND"	516	NWS	An Rúis
LLC "AIRCOMPANY IKAR"	36	KAR	An Rúis
LTD. I FLY	533	RSY	An Rúis
POBEDA AIRLINES LIMITED LIABILITY COMPANY	562	PBD	An Rúis
PUBLIC JOINT STOCK COMPANY "AEROFLOT - RUSSIAN AIRLINES"	1	AFL	An Rúis
ROSSIYA AIRLINES, JOINT STOCK COMPANY	2	SDM	An Rúis
SKOL AIRLINE LLC	228	CDV	An Rúis
UTAIR AVIATION, JOINT-STOCK COMPANY	6	UTA	An Rúis
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis São Tomé agus Príncipe atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**São Tomé agus Príncipe**
AFRICA'S CONNECTION	10/AOC/2008	ACH	São Tomé agus Príncipe
STP AIRWAYS	03/AOC/2006	STP	São Tomé agus Príncipe
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis Shiarra Leon atá freagrach as an maoirseacht rialála			**Siarra Leon**

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag údaráis na Súdáine atá freagrach as an maoirseacht rialála, lena n-áirítear			**An tSúdáin**
ALFA AIRLINES SD	54	AAJ	An tSúdáin
BADR AIRLINES	35	BDR	An tSúdáin
BLUE BIRD AVIATION	11	BLB	An tSúdáin
ELDINDER AVIATION	8	DND	An tSúdáin
GREEN FLAG AVIATION	17	GNF	An tSúdáin
HELEJETIC AIR	57	HJT	An tSúdáin
KATA AIR TRANSPORT	9	KTV	An tSúdáin
KUSH AVIATION CO.	60	KUH	An tSúdáin
NOVA AIRWAYS	46	NOV	An tSúdáin
SUDAN AIRWAYS CO.	1	SUD	An tSúdáin
SUN AIR	51	SNR	An tSúdáin
TARCO AIR	56	TRQ	An tSúdáin’

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN B

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ ATÁ FAOI RÉIR SRIANTA OIBRÍOCHTÚLA LAISTIGH DEN AONTAS [1]

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC)	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora	Cineál aerárthaigh a bhfuil srian air	**Cláruimhir nó cláruimhreacha agus, má tá a leithéid ann, sraithuimhir nó sraithuimhreacha déantúis na n-aerárthaí a bhfuil srian orthu**	Stát an chláraithe
IRAN AIR	IR.AOC.100	IRA	An Iaráin	Gach aerárthach den chineál Fokker F100 agus den chineál Boeing B747	Aerárthaí den chineál Fokker F100 mar a luaitear ar an AOC; aerárthaí den chineál Boeing B747 mar a luaitear ar an AOC	An Iaráin
AIR KORYO	GAC-AOC/KOR-01	KOR	An Chóiré Thuaidh	An flít ar fad, cé is moite de: 2 aerárthach den chineál TU- 204.	An flít ar fad, cé is moite de: P-632, P-633.	An Chóiré Thuaidh'

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear in Iarscríbhinn B cearta tráchta a fheidhmiú trí úsáid a bhaint as aerárthaí léasa fhliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.'